

Ábhar

Cúrsaí Gairme: Obair an Aistritheora

Mír Físe

Eoin Ó Droighneáin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i nGaillimh, ag labhairt faoi obair an aistritheora

Téacsanna Léitheoireachta

Sliocht as dhá leabhar le hAntain Mac Lochlainn: *In Ord is in Eagar* (Cois Life 2010) agus *Cuir Gaeilge Air* (Cois Life 2000)

Le caoinchead ón údar agus ó Chois Life

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar an téacs d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



Obair an Aistritheora

Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar mhír físe ina bhfuil Eoin Ó Droighneáin ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i nGaillimh ag labhairt faoi obair an aistritheora i dTithe an Oireachtais. Sula bhféachann tú ar an mír, déan an réamhobair seo.

- Cad atá ar eolas agat faoi Rannóg an Aistriúcháin? Cén obair a dhéantar sa Rannóg?
- Conas a dhéanfa cur síos ar obair an ateangaire? Cén difear atá idir ateangaire agus aistritheoir? Scríobh míniú gearr ar an dá ról.
- Cad atá ar eolas agat faoi theangacha oifigiúla an stáit? Cá bhfaighfeá an t-eolas?
- Cad atá ar eolas agat faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla? Féach ar an suíomh www.coimisineir.ie chun eolas a fháil más gá.
- Féach ar na ráitis thíos. An bhfuil siad fíor nó bréagach. Cén acmhainn a mbainfeá úsáid aisti chun an t-eolas ceart a lorg?
 - o Is i mBéarla amháin atá cead ag Teachtaí Dála labhairt sa Dáil.
 - o Is í an Ghaeilge teanga oifigiúil an stáit.
 - o Caitear gach Acht Parlaiminte a aistriú go Gaeilge.

Éisteacht

Anois féach ar an mír agus féach an raibh an ceart agat sa chleachtadh ‘fíor nó bréagach’ thuas.

Cén ‘cleas polaitiúil’ a ndéanann Eoin Ó Droighneáin cur síos air ag deireadh na míre?

Cén fáth ar ‘cleas polaitiúil’ é?

Feasacht Teanga

- ‘ag úsáid na gcluasán...’

Cén ghné den ghramadach atá sa struchtúr thuas? Conas a dhéanfa cur síos ar an difear idir lagiolra agus tréaniolra? Pléigh agus cuir an t-athrú cuí i bhfeidhm ar gach sampla thíos.

fadhbanna + na ceantair
uimhreacha + na leathanaigh
teidil + na leabhair
teidil + na tuairiscí
torthaí + na haistí
ainmneacha + na mná

- Cad é an difear idir na focail thíos? Léirigh le samplaí.

reacht
 racht
 réachtáil
 reachtaíocht
 reachtaire
 reacaire
 reachtúil

- Déan cur síos ar thréithe foghraíochta na bpéirí focal thíos.

acht	beacht
brí	bruíon
labhair	leabhair
suí	sí

- ‘...is i mBéarla a dhréachtaítear...’

Cén aimsir atá sa bhriathar thuas? Pléigh agus ansin cuir an struchtúr céanna i bhfeidhm ar na briathra thíos.

ceangail	taispeáin
faigh	tar
téigh	tosaigh
forbair	foilsigh
cosc	bailigh
nasc	cosain

Iarobair

Plé

- An dóigh leat go dtaitneodh obair an aistritheora nó obair an ateangaire leat? Cén fáth?
- Cén dearcadh atá agat faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla? An lorgaíonn tusa seirbhís trí Ghaeilge? An dóigh leat gur maith an rud é go n-aistreofaí cáipéisí oifigiúla stáit go Gaeilge?
- Féach ar na ráitis thíos a dúradh faoi dhaoine a bhíonn ag iarraidh seirbhís trí Ghaeilge. Pléigh an dearcadh atá á léiriú sna ráitis.

Why do they have to be so awkward?

Sure they all speak English anyway, why would they be wanting to speak Irish?

It's a total waste of money translating all that stuff to Irish.

Sure nobody reads the forms in Irish anyway.

Tascanna

- Lig ort go gcaithfidh tú freagra a thabhairt ar cheann de na ráitis thuas ar chlár raidió. Dréachtaigh na pointí a bheadh agat do do phíosa cainte.
- Féach ar an suíomh www.coimisineir.ie agus aimsigh freagraí na gceisteanna seo a leanas:
 - o Cad é ról an Choimisinéara Teanga?
 - o Cén rud é Acht na dTeangacha Oifigiúla?
 - o Cad iad na dualgais a leagann an tAcht ar an earnáil phoiblí?
- Bain triail as an acmhainn www.aistear.ie. An bhfuil aon cheann de na hearráidí is minice a dhéanann tusa ar an suíomh? Má tá, déan cur síos ar aon soiléiriú a fhaigheann tú. Mura bhfuil, foghlaim faoi earráid choitianta eile.
- Léigh na sleachta thíos as na leabhair *In Ord is in Eagar* agus *Cuir Gaeilge Air* le hAntain Mac Lochlainn agus déan na cleachtaí ag an deireadh. Sna sleachta seo tráchtann sé ar cheann de na dúshláin atá le sárú ag an aistritheoir – sin deacracht réime sa teanga.

1.

Shílfeá go dtugann an t-aistriúchán cumarsáideach tuilleadh saoirse is fairsinge don aistritheoir, ach cuimhnigh air go bhfuil i bhfad níos mó i gceist seachas frása nó focal éigin a aimsiú sa Ghaeilge a chuireann coincheap an bhuntéacs Béarla in iúl. Caithfidh an t-aistritheoir cuimhneamh ar réim (*register*) na teanga, mar shampla. Is mar seo a shainmhínítear ‘register’ i bhfoclóir *Collins*: ‘a form of language associated with a particular social situation or subject matter, such as obscene slang, legal language or journalese’.

Níl ceist na réime chomh casta ná chomh hilghnéitheach i nGaeilge agus atá i dteangacha móra an domhain toisc an Ghaeilge a bheith díbeartha le fada as réimsí áirithe saoil. Is ar éigean is ann don *psychobabble* (‘the jargon of psychology’) i nGaeilge, mar shampla, ná do chanúint ghalánta uasaicmeach ar nós received pronunciation an BBC.

Bíodh sin mar atá, tá cineálacha Gaeilge i gcónaí ann. Tá Gaeilge ann a bhfuil blas na seanaimsire is na seanlitriochta uirthi (‘Bruinneall ruafoilt’ in áit ‘bean rua’) agus Gaeilge a bhfuil blas na húire uirthi (‘einceifileapaite spúinseach bólachta’ nó BSE mar a déarfadh an gnáthdhuine). Tá Gaeilge ann atá deas béasach (‘Ar mhiste leat a bheith deas ciúin, más é do thoil é?’) agus Gaeilge atá breá borb (‘Dún thusa do chlab!’). Tá canúintí réigiúnacha ann, frásaí ‘garbha’ nach ndéarfá i gcomhlúadar measúil, focail a bhfuil brí faoi leith acu i gcúrsaí creidimh, oideachais, ceardaíochta, eolaíochta agus go leor leor réimsí eile.

Teastaíonn tuiscint chaolchúiseach ar an nGaeilge mar a chleachtar í i réimsí saoil atá an-éagsúil le chéile, comhrá idir chairde, an chaint a d’úsáidfeá ar ócáid fhoirmiúil, béarlagair na hEaglaise, na Dála, na meán agus an tsaoil mhóir is a mháthar. Is léir nár chóir ‘Stiúg Easpag Chill Dá Lua ar maidin’ a chur in áit ‘D’éag Easpag Chill Dá Lua ar maidin’ ach oiread agus a chuirfeadh scríbhneoir Béarla *The Bishop of Killaloo kicked the bucket this morning* in áit *The Bishop of Killaloo passed away this morning*. Ach níl aon bhotún is mó a dhéantar ná géilleadh do sheanchara an scríbhneora leisciúil,

an cor cainte.

Bhí an ceart ag Seosamh Ó Murchú nuair a mhol sé d'aistritheoirí friotal dúchasach Gaeilge a aimsiú a chuireann coincheapa an Bhéarla in iúl, ach baineann contúirtí áirithe leis an gcur chuige céanna. An chontúirt is mó go n-aistreofaí an Béarla le friotal a thagann salach ar réim an bhuntéacs. Cuid mhór de shaibhreas cainte na Gaeilge baineann sé le saol traidisiúnta na Gaeltachta. As an gcomhrá idir cosmhuintir na tuaithe a fáisceadh í. Caint thírúil í, lán samhlacha is léirstiní faoi thréithe daoine is ainmhithe, faoin aimsir, faoi cheirdeanna nach gcleachtar a thuilleadh ach ar éigean. Ar an drochuair, ní i gcónaí a thuigeann daoine go bhfuil comhthéacsanna áirithe ann atá róshollúnta, ró-thromchúiseach don chineál seo deisbhéalaíochta. Is cuimhin liom tuairisc nuachta mar gheall ar dhaoine muinteartha an triúir déag a maraíodh i nDoire ar Dhomhnach na Fola. Cuireadh agallamh ar bhean amháin a mhínigh conas go díreach a fuair fear muinteartha di bás, an bealach a ndeachaigh an piléar trína chorp agus an poll a rinne sé ar a bhealach amach. Ábhar an-chorraitheach a bhí sa tuairisc ach milleadh sin sa radharc deireanach mar a raibh an tuairisceoir ina sheasamh i lár sráide agus an chaint seo mar achoimre aige ar an iomlán: 'Chomh cinnte agus atá plúr i nDoire, tá na daoine seo ag iarraidh freagraí'. Nath cainte an-deas 'chomh cinnte agus atá plúr i nDoire' ach bhí sé iomlán mí-oiriúnach don chomhthéacs seo, maslach fiú amháin...

Cuir Gaeilge Air, Cois Life 2000, lch 29. Le caoinhead ó Chois Life agus ón údar.

2.

Tá na húdair go léir ar aon aigne faoina thábhachtaí is atá réim an téacs ach is deacair teacht ar shainmhíniú comhaontaithe ar cad is réim ann. Dar le Alan Duff (1989: 20), baineann réim le rialacha neamhscríofa na teanga.

What happens when we try to break these unwritten roles? Let us take a test case. Would you expect to find the following sentence in a tourist brochure, a scientific article, or neither?

Samples of sand taken from the sun-kissed beaches of Goa revealed abnormally high concentrations of sodium chloride.

Ó thaobh na gramadaí de, is abairt fhoirfe í sin, ach is léir go sáraíonn sí gnáthúsáid an Bhéarla. Is cosúil, mar sin, go bhfuil rudaí eile seachas an ghramadach a choscann saorúsáid na bhfocal. I gcás an tsampla seo thuas, tá béarlagair na mbróisiúr turasóireachta tugtha ar iasacht i dtéacs eolaíoch, agus is ciotach, áiféiseach an iasacht sin. Tá dhá réim ag teacht salach ar a chéile.

In Ord is in Eagar, Cois Life 2010, lch 61. Le caoinhead ó Chois Life agus ón údar.

- '...focail a bhfuil brí faoi leith acu i gcúrsaí creidimh, oideachais, ceardaíochta, eolaíochta agus go leor leor réimsí eile...'

Seo thíos samplaí d'fhocail á n-úsáid sa chomhthéacs mícheart. An bhféadfá feabhas a chur orthu?

- o Ní bheidh an t-acht tacaíochta ag an gceolchoirm ag tosú go dtí a 8.00 p.m. (*the supporting act*)
- o Táim ag déanamh staidéir ar na dúshláin atá ann do shochaí na Gaeltachta.

- o Maith dom an ganntanas sínte fada i mo ríomhphost.
 - o Cén pleananna atá agat don toadhchaí?
 - o D'fhostaigh an comhlacht farasbarr oibríthe.
- Cén tuiscint atá agat ar chúrsaí réime tar éis na sleachta a léamh? An bhféadfá cur síos a dhéanamh ar réim i d'fhocail féin?

Téipscript

Tá mé ag obair anseo san ollscoil seo anois...díreach 10 mbliana ó shin thosaigh mé anseo i mí Lúnasa 2001. Ach roimhe sin ar feadh trí bliana go leith bhí mé i m'aistritheoir i dTithe an Oireachtais i Rannóg an Aistriúcháin ansin i nDáil Éireann i mBaile Átha Cliath. Agus an cúram a bhí orm sa jab sin, bhain sé le hAchtanna an Oireachtais a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge. An fáth a bhfuil rannóg aistriúcháin i dTithe an Oireachtais...tá dualgas ar an stát faoi dhlíthe éagsúla faoin mBunreacht agus faoi dhlíthe eile an reachtaíocht a chur ar fáil sa dá theanga oifigiúla – sé sin Béarla agus Gaeilge. Formhór an ama is i mBéarla a dhréachtaítear na hAchtanna – nó ina mbillí mar a bhíonn siad sula ndéantar Acht díobh go hoifigiúil – agus ansin déantar iad a aistriú go Gaeilge ansin. Agus sin bun agus barr an chúraim a bhíodh orainne ansin...ag aistriú na hAchtanna líne ar líne, mír ar mhír, alt ar alt ó Bhéarla go Gaeilge, agus mar gur dlí atá i gceist caithfidh sé a bheith fíorchruinn agus fíorbheacht – sin an cúram a bhíonn ar na dréachtóirí parlaiminte i dtosach báire – an tAcht i mBéarla a chur ar fáil agus é chomh cruinn agus chomh beacht agus is féidir. Agus ansin ar ndóigh, bíonn ról ag na Teachtaí Dála agus ag na Seanadóirí ansin a chinntiú go bhfuil sé déanta go cruinn agus go beacht ó thaobh na polaitíochta de. Ach ansin bhíodh orainne ansin an cúram céanna a chur dinn sa bpróiseas aistriúcháin agus spriocthéacs Gaeilge – Acht i nGaeilge – a chur ar fáil a bhí chomh cruinn agus chomh beacht céanna agus a raibh an bhrí cheannann chéanna leis agus a bhí sa téacs Béarla. Chomh maith leis an obair sin bhíodh beagán obair ateangaireachta freisin orainn i dTithe an Oireachtais...séard atá i gceist ansin...tá sé de cheart ag chuile Theachta Dála agus ag chuile Sheanadóir labhairt i mBéarla nó i nGaeilge i dTithe an Oireachtais. Anois is i mBéarla is mó a labhraíonn siad ach nuair a labhraíonn siad i nGaeilge cuirtear seirbhís ateangaireachta ar fáil – sé sin bhíodh muid inár suí i mboth trasna an bhóthair ó Dháil Éireann agus a thúisce is a labhraíodh an Teachta Dála nó an Seanadóir i nGaeilge d'aistríodh muide é sin ó bhéal go Béarla – sin bun agus barr na hateangaireachta agus bhíodh deis ag na Teachtaí Dála ansin nach raibh an Ghaeilge ar a dtoil acu nó nach raibh tuiscint na Gaeilge acu na cluasáin a chur orthu ansin i seomra na Dála nó i seomra an tSeanaid agus éisteacht leis an aistriúchán uainne go Béarla air sin. Agus tharlaíodh sé uaireanta, deirtear linn, go mbíodh drogall ar na Teachtaí Dála go bhfeicfí iad ag úsáid na gcluasán go poiblí ach go mbíodh an cluasán istigh faoin deasc acu agus an fhuaim casta suas ar fad agus go mbíodh macalla beag dínne le cloisteáil i seomra na Dála – ach sin cuid de na cleasanna polaitíochta is dóigh.